Ag teacht i dtír ar oibrithe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin tslí a bhfuiltear ag teacht i dtír ar iascairí gan stádas in Éirinn. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. mí-úsáid _____
2. bunadh _____
3. trálaeir _____
4. fiosrúchán _____
5. calafoirt _____
6. tionscal _____
7. cloicheán _____
8. breac geal _____
9. séantar _____
10. meánphá _____
11. líomhnaítear _____
12. cuir dallamullóg ar _____
13. lucht gáinneála _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 2 Bí ag caint leis an duine in aice leat. Glacaigí sealanna na focail thuas a chur in abairtí lena mbrí a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh síos, is leor iad a rá amach os ard.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus breac síos ábhar na míre i gcúpla abairt.

Ceist 4 Luadh na tíortha agus na cathracha seo sa mhír. Cuir an fhoirm cheart de gach tír sna bearnaí.

An _____: bunadh na hAfraice
An _____: bunadh na hÁise
as Éirinn: muintir na _____
ó Ghaillimh: cathair na _____
go Corcaigh: cathair _____
Gána: iascairí _____
an Éigipt: rialtas na _____
an India: cathracha na _____
na hOileáin Fhilipíneacha: fadhbanna na _____

Ceist 5 ‘ó Ghaillimh go Corcaigh’

A. Cuir na réamhfhocail shimplí sna boscaí cuí:

de, do, roimh, ag, i, faoi, le, sa, ó, thar, go

Ainmfhocail dar tús consan		
<u>Séimhiú</u> (Cuireann na réamhfhocail shimplí seo séimhiú ar na hainmfhocail a leanann iad de ghnáth*)	**<u>Gan séimhiú</u>** (Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail shimplí seo)	**<u>Urú</u>** (Cuireann an réamhfhocal simplí seo urú ar an ainmfhocal a leanann é)

*Tá rialacha faoi leith ann i gcás 'sa' + ainmfhocail dar tús 'd', 's' agus 't':
- Ní shéimhítear 'd' ná 't' i ndiaidh 'sa', e.g. **<u>sa d</u>**oirteal; **<u>sa t</u>**each.
- Cuirtear 't' roimh ainmfhocail bhaininscneacha dar tús 's' + guta nó dar tús 'sl-', 'sn-', 'sr-' i ndiaidh 'sa', e.g. **<u>sa ts</u>**ráid; **<u>sa ts</u>**eachtain.
- Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail fhirinscneacha dar tús 's' i ndiaidh 'sa' (ach amháin i gcanúint Uladh). e.g. **<u>sa s</u>**eomra.

B. Cuir an fhoirm cheart den fhocal atá idir lúibíní sna bearnaí.

1. Bain Seán an cóta de (Brian) _____ agus thug sé do (Máire) _____ é.
2. Beidh an leabhar léite agam roimh (tús) _____ na seachtaine.
3. Tá an t-airgead ar fad ag (Pól) _____.
4. Tá mé i mo chónaí i (Páras) _____ le bliain anuas.
5. An bhfaca tú Cian? Tá sé faoi (brú) _____ millteanach.
6. Nach bhfuil Síle imithe le (Ciarán) _____?
7. D'fhág mé mo mhála sa (gluaisteán) _____.
8. Is as Corcaigh ó (dúchas) _____ é.
9. Chuaigh mé thar (Cathal) _____ ar an tsráid ach ní fhaca sé mé.
10. Nach bhfuil Niall imithe go (Gaillimh) _____ fós?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cén pionós ba cheart don rialtas a chur ar dhaoine a bhíonn ag mí-úsáid oibrithe?
2. An bhfuil sé níos éasca, dar leat, teacht i dtír ar dhaoine in Éirinn nach Éireannaigh iad? Cén fáth?
3. Cad í an obair is déine a rinne tú féin go dtí seo i do shaol?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. mí-úsáid	*abuse*
2. bunadh	*origin/people/kind*
3. trálaeir	*trawlers*
4. fiosrúchán	*inquiry*
5. calafoirt na tíre	*ports of the country*
6. tionscal	*industry*
7. cloicheán	*prawn*
8. breac geal	*sea trout*
9. séantar	*it is denied*
10. meánphá	*average wage*
11. líomhnaítear	*it is alleged*
12. cuir dallamullóg ar	*to hoodwink someone*
13. lucht gáinneála	*traffickers*

Ceist 2
Tabhair deis do gach beirt na focail a chleachtadh le chéile.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
An **Afraic**: bunadh na hAfraice
An **Áise**: bunadh na hÁise
as Éirinn: muintir na **hÉireann**
ó Ghaillimh: cathair na **Gaillimhe**
go Corcaigh: cathair **Chorcaí**
Gána: iascairí **Ghána**
an Éigipt: rialtas **na hÉigipte**
an India: cathracha na **hIndia**
na hOileáin Fhilipíneacha: fadhbanna **na nOileán Filipíneach**

Ceist 5

Ainmfhocail dar tús consan		
<u>Séimhiú</u>	**<u>Gan séimhiú</u>**	**<u>Urú</u>**
(Cuireann na réamhfhocail shimplí seo séimhiú ar na hainmfhocail a leanann iad de ghnáth*)	(Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail shimplí seo)	(Cuireann an réamhfhocal simplí seo urú ar an ainmfhocal a leanann é)
de, do, roimh, faoi, sa, ó, thar	*ag, go, le*	*i*

*Tá rialacha faoi leith ann i gcás ‘sa’ + ainmfhocail dar tús ‘d’, ‘s’ agus ‘t’.

1. Bain Seán an cóta de **Bhrian** agus thug sé do **Mháire** é.
2. Beidh an leabhar léite agam roimh **thús** na seachtaine.
3. Tá an t-airgead ar fad ag **Pól**.
4. Tá mé i mo chónaí i **bPáras** le bliain anuas.
5. An bhfaca tú Cian? Tá sé faoi **bhrú** millteanach.
6. Nach bhfuil Síle imithe le **Ciarán**?
7. D’fhág mé mo mhála sa **ghluaisteán**.
8. Is as Corcaigh ó **dhúchas** é.
9. Chuaigh mé thar **Chathal** ar an tsráid ach ní fhaca sé mé.

10. Nach bhfuil Niall imithe go **Gaillimh** fós?

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Tá mí-úsáid mhór á baint[1] as lucht oibre de bhunadh na hAfraice agus na hÁise ar thrálaeirí[2] áirithe as Éirinn, de réir fiosrúchán nua.

Tá nuachtán an *Guardian* tar éis bliain a chaitheamh, a deir siad, ag fiosrú i gcalafoirt na tíre, ó Ghaillimh ó dheas go Corcaigh.

Tá daoine gan stádas as Gána, an Éigipt, an India agus na hOileáin Fhilipíneacha ag obair ar bháid sa tionscal cloicheán agus breac geal.

Deir na hoibrithe go séantar cead i dtír go rialta dóibh agus nach n-íoctar leo ach leath an mheánphá náisiúnta.

Coinnítear tréimhsí fada gan chodladh iad a líomhnaítear, gan aon lá scíthe. Deir cuid acu gur cuireadh dallamullóg orthu agus gur lucht gáinneála a chuir ar na trálaeirí iad.

[1] *á bhaint* a deirtear sa mhír
[2] *trálaeir* an leagan caighdeánach